**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*Suí iomlánach*

**A10-0027/2024**

5.12.2024

***

# MOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia
(08441/2024 – C10-0086/2024 – 2024/0074(NLE))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Karlo Ressler

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## ACHOIMRE

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................4

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..................................................................................................5

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ...........................................................................................................................7

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH .....................................................................8

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH..........9

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia**
**(08441/2024 – C10-0086/2024 – 2024/0074(NLE))**

**(Toiliú)**

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (08441/2024),

– ag féachaint don Dréachtchomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia (08447/2024),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le pointí (b) agus (d) d’Airteagal 77(2), agus pointe (c) d’Airteagal 79(2) agus pointe (a) den dara fomhír d’Airteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0086/2024),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0027/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

**a. Cúlra**

Tá sé mar aidhm leis an gCinneadh a mholtar ón gComhairle formheas a dhéanamh ar an gComhaontú Stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia mar a fhoráiltear dó i Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach.

Ar cheann de chúraimí na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta ('an Ghníomhaireacht') tá oibriú i gcomhar le tríú tíortha i ndáil leis na réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach 'lena n-áirítear imscaradh oibríochtúil féideartha foirne bainistithe teorainneacha i dtríú tíortha'. Féadfaidh an Ghníomhaireacht oibriú i gcomhar le húdaráis tríú tíortha atá inniúil in ábhair a chumhdaítear sa Rialachán a mhéid is gá chun a cúraimí a chomhlíonadh agus féadfaidh sí gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a dhéanamh ar chríoch tríú tír faoi réir comhaontú ón tríú tír sin.

Is é an cuspóir atá ag an gcomhaontú stádais go gcumhdófar gach gné is gá le dul i mbun ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta i dtríú tíortha. De bhun Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896, in imthosca inar gá foirne bainistithe teorainneacha ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh i dtríú tír ina bhfeidhmeoidh baill na bhfoirne cumhachtaí feidhmiúcháin, tabharfaidh an tAontas comhaontú stádais i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann.

I gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus dá dtagraítear in Airteagal 76(1)) den Rialachán a thíolaic an Coimisiún i dteachtaireacht COM(2021) 829 uaidh faoi shamhail de chomhaontú stádais dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2019/1886 ina bhfuil forálacha sonracha maidir le gníomhaíochtaí a dhéanamh ar chríoch tríú tíortha. Tá an comhaontú stádais le Poblacht na Seirbia bunaithe ar an tsamhail a tharraing suas an Coimisiún.

Chuir an Coimisiún na rapóirtéirí ar an eolas an 16 Deireadh Fómhair 2024 maidir leis an dul chun cinn atá déanta sna caibidlíochtaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia faoi chomhaontú stádais. An 14 Samhain 2024, tionóladh cruinniú chomh maith le geallsealbhóirí a bhí dírithe ar chearta bunúsacha. Síníodh an Comhaontú an 25 Meitheamh 2024 i mBéalgrád, an tSeirbia.

**b. Seasamh an Rapóirtéara**

Ag buaic ghéarchéim na himirce agus na ndídeanaithe in 2015, tháinig na céadta míle iarrthóirí tearmainn agus imirceach isteach san Aontas Eorpach trí na Balcáin Thiar, agus Poblacht na Seirbia suite ar cheann de na príomhshlite le haghaidh gluaiseacht mheasctha neamhrialta. Ba shuaithinseach an brú imirce ar shlite na mBalcán Thiar sna blianta ina dhiaidh sin, rud a chruthaigh brú ag teorainneacha seachtracha an Aontais agus bhí gá le tuilleadh iarrachtaí chun sreabhadh na himirce a rialú ar bhealach dlíthiúil, i gcomhréir leis an reachtaíocht idirnáisiúnta agus Eorpach.

Measann an Rapóirtéir go bhfuil sé ríthábhachtach comhaontuithe foirmiúla atá ceangailteach

ó thaobh dlí a thabhairt i gcrích faoi chuimsiú an chomhair le tríú tíortha chun trédhearcacht, grinnscrúdú poiblí agus maoirseacht dhaonlathach ar an gcomhar sin a áirithiú.

Tá comhar struchtúrtha agus marthanach le tríú tíortha ríthábhachtach chun spriocanna an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip a bhaint amach. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gcomhar sin nósanna imeachta teorann agus fillte na hEorpa a fheabhsú, malartú faisnéise agus anailís riosca a éascú, agus éifeachtúlacht na n-oibríochtaí um fhilleadh a fheabhsú. Ina theannta sin, ba cheart dó tacú le tríú tíortha teorainneacha agus imirce a bhainistiú, lena n-áirítear tríd an mbuanchór a imscaradh i gcás inar gá chun teorainneacha seachtracha a chosaint agus chun cur chun feidhme éifeachtach bheartas imirce an Aontais a áirithiú. Tá sé ríthábhachtach bainistiú teorainneacha a neartú sna slite imirce chun an líon imirceach neamhrialta a laghdú, ina ndírítear ar bhearta athraitheacha na smuigléirí, agus chun rioscaí a bhaineann leis an ngáinneáil agus leis an gcoireacht eagraithe a mhaolú. Beidh ról lárnach ag an gcomhar oibríochtúil feabhsaithe a bunaíodh leis an gcomhaontú i ndul i ngleic leis an imirce neamhrialta agus i slándáil réigiúnach a fheabhsú.

Ceanglaítear ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus ar Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na Seirbia cloí le forálacha Rialachán EBCG agus a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán iad, cearta bunúsacha san áireamh. I rith phróiseas an toilithe i bParlaimint na hEorpa, bhí na mínithe a thug na geallsealbhóirí ar thábhacht an chomhaontaithe seo sásúil. Leis an gcomhaontú le Poblacht na Seirbia agus oifigigh na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a bheith i láthair, cuirfear gnéithe breise nós imeachta ar fáil i rialú teorann, amhail oibríochtaí scagtha agus faisnéisithe chomh maith le cearta bunúsacha a choimirciú. I bhfianaise an lín shuntasaigh daoine a théann trí Phoblacht na Seirbia chun an tAontas a shroicheadh, neartóidh an comhaontú seo ár dtacaíocht do chomhpháirtithe réigiúnacha trí shaineolas riachtanach a chur ar fáil chun na gluaiseachtaí sin a bhainistiú go héifeachtach. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, cuireann an comhaontú ar chumas Frontex comhoibríochtaí a sheoladh agus buanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh ar fud chríoch na Seirbia, lena n-áirítear a theorainneacha le tíortha comharsanachta nach bhfuil san Aontas.

Mar thátal, measann an Rapóirtéir go bhfuil an comhaontú stádais molta comhréireach leis an tsamhail-chomhaontú stádais mar a fhoráiltear sa teachtaireacht ón gCoimisiúin maidir leis an inneachar agus na forálacha ba ceart a bheith sa chomhaontú deiridh.

Agus an comhaontú seo ag tús chéim chur chun feidhme, iarrann an Pharlaimint go gcuirfidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta na gníomhaíochtaí a sheoltar mar chuid de chur chun feidhme an Chomhaontaithe Stádais in iúl gan mhoill do Pharlaimint na hEorpa agus cuireann sí i gcuimhne don Ghníomhaireacht a dualgas measúnú ar chomhar le tríú tíortha a áireamh ina tuarascálacha bliantúla i gcomhréir le hAirteagal 73(8) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/1896.

I bhfianaise a bhfuil thuasluaite, molann an Rapóirtéir don Pharlaimint téacs an dréacht-chinnidh ón gComhairle a fhormhuiniú.

# IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an tuarascáil á hullmhú aige, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| European Commission |
| Frontex Fundamental Rights Office |
| Frontex Consultative Forum |
| Mission of the Republic of Serbia to the European Union |

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia |
| **Tagairtí** | 08441/2024 – C10-0086/2024 – 2024/0074(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin nó na hiarrata ar thoiliú** | 16.7.2024 |
| **An coiste freagrach/na coistí freagracha** | LIBE |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Karlo Ressler<br>11.9.2024 |
| **Pléite sa choiste** | 21.11.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 3.12.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 51<br>–: 7<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Giuseppe Antoci, Malik Azmani, Pernando Barrena Arza, Nikola Bartůšek, Krzysztof Brejza, Saskia Bricmont, Jorge Buxadé Villalba, Jaroslav Bžoch, Mélissa Camara, Damien Carême, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Alessandro Ciriani, Paulo Cunha, Marieke Ehlers, Paolo Inselvini, Irena Joveva, Fabienne Keller, András László, Murielle Laurent, Fabrice Leggeri, Michael McNamara, Ana Catarina Mendes, Nadine Morano, Matjaž Nemec, Ana Miguel Pedro, Chloé Ridel, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Cecilia Strada, Tineke Strik, Georgiana Teodorescu, Alice Teodorescu Måwe, Tomas Tobé, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Kristian Vigenin, Sophie Wilmès, Jadwiga Wiśniewska, Elena Yoncheva, Ewa Zajączkowska-Hernik, Alessandro Zan, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alma Ezcurra Almansa, Loucas Fourlas, Geadis Geadi, Jan-Christoph Oetjen, Emma Rafowicz, Oliver Schenk, Bartłomiej Sienkiewicz, Sander Smit, Malika Sorel, Anna Strolenberg, Pekka Toveri, Sebastian Tynkkynen, Loránt Vincze, Maria Walsh, Michał Wawrykiewicz |
| **Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barbara Bonte, Niels Geuking, Isabella Lövin |
| **Dáta don chur síos** | 5.12.2024 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 51 | + |
|---|---|
| ECR | Alessandro Ciriani, Geadis Geadi, Paolo Inselvini, Georgiana Teodorescu, Sebastian Tynkkynen, Jadwiga Wiśniewska |
| PPE | Krzysztof Brejza, Paulo Cunha, Alma Ezcurra Almansa, Loucas Fourlas, Niels Geuking, Nadine Morano, Ana Miguel Pedro, Oliver Schenk, Bartłomiej Sienkiewicz, Sander Smit, Alice Teodorescu Måwe, Tomas Tobé, Pekka Toveri, Loránt Vincze, Maria Walsh, Michał Wawrykiewicz, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský |
| PfE | Nikola Bartůšek, Barbara Bonte, Jorge Buxadé Villalba, Jaroslav Bžoch, Marieke Ehlers, András László, Fabrice Leggeri, Malika Sorel, Tom Vandendriessche |
| Renew | Malik Azmani, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Irena Joveva, Fabienne Keller, Michael McNamara, Jan-Christoph Oetjen, Sophie Wilmès, Elena Yoncheva |
| S&D | Murielle Laurent, Ana Catarina Mendes, Matjaž Nemec, Emma Rafowicz, Chloé Ridel, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Cecilia Strada, Kristian Vigenin, Alessandro Zan |

| 7 | - |
|---|---|
| The Left | Pernando Barrena Arza, Damien Carême |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Mélissa Camara, Isabella Lövin, Tineke Strik, Anna Strolenberg |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ESN | Milan Uhrík, Ewa Zajączkowska-Hernik |
| The Left | Giuseppe Antoci |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh